Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Samhain 2025
(OR. en)

15571/25

LIMITE

COSI 231
ENFOPOL 430
CRIMORG 239
CORDROGUE 152
ENFOCUSTOM 194
CATS 74
RELEX 1510
JAI 1709
COPEN 351
*EUDA*
*EUROPOL*

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10270/24; 16293/24; 8913/25 |
| Ábhar: | Comhrac na gáinneála ar dhrugaí agus na coireachta eagraithe<br>- Tuarascáil achomair |

**Réamhrá**

Is bagairt mhór í trádáil na ndrugaí, arna eagrú ag an gcoireacht eagraithe, do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'institiúidí na hEorpa, agus do gheilleagar agus slándáil na hEorpa freisin. Léirítear é sin go soiléir leis an méadú gan fasach atá tagtha ar na drugaí aindleathacha atá ar fáil san Eoraip, go háirithe cócaon ó Mheiriceá Theas. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann grúpaí coireachta eagraithe as foréigean tromchúiseach, insíothlú an gheilleagair dhleathaigh agus éilliú, rud a chreimeann an smacht reachta agus a chuireann bunphrionsabail ár sochaithe daonlathacha i mbaol. Ina theannta sin, tá méadú ag teacht sa choireacht eagraithe ar an úsáid a bhaineann líonraí coiriúla as earcú na mionaoiseach agus na n-ógánach leochaileach, rud a aibhsíonn nach mór infheistíocht a dhéanamh sna beartais coiscthe coireachta.

Sna blianta amach romhainn, meastar gur bagairt ríthábhachtach a bheidh sa gháinneáil ar dhrugaí laistigh den Aontas, chuig an Aontas agus ón Aontas i gcónaí, agus go mbeidh na brabúis shuntasacha sa trádáil drugaí ina n-ábhar spreagtha do líonraí coiriúla i gcónaí[1]. Is ar bhealach solúbtha sofaisticiúil a úsáideann na líonraí sin teicnící táirgthe, teicneolaíochtaí, struchtúir dhlíthiúla, ardáin ar líne agus modhanna gáinneála nua, agus is dócha go gcuirfidh sé sin leis an soláthar drugaí agus leis an éileamh ar na drugaí sin, rud a bheidh ina dhúshlán leanúnach do shlándáil inmheánach an réigiúin agus ag a mbeidh tionchar ar an tsláinte agus ar an timpeallacht[2].

Is trí chreat foriomlán Straitéis[3] agus Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025[4] a thugtar aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le drugaí. Is cur chuige fianaisebhunaithe, cothromaithe agus ildisciplíneach atá acu i ndáil le feiniméan na ndrugaí ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Mar chuid d'iarrachtaí leanúnacha an Aontais chun an gháinneáil ar dhrugaí a chomhrac, i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le treochlár an Aontais Eorpaigh chun gáinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac[5], leagtar amach 17 ngníomhaíocht bhreise sa réimse sin atá le cur chun feidhme in 2024 agus 2025.

Thairis sin, i mí Aibreáin 2025 chuir an Coimisiún i láthair ProtectEU: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach[6], ina leagtar amach na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí i bpríomhréimsí na slándála inmheánaí chun bagairtí slándála a thuar, a chosc agus a fhreagairt go héifeachtach sna blianta amach romhainn, an gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe san áireamh.

I bhfianaise an mhéid sin, shainaithin Uachtaránachtaí na Beilge, na hUngáire, na Polainne agus na Danmhairge roinnt tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí sa Treochlár atá le tabhairt chun cinn le linn a dtéarmaí, darb aidhm tacú le húdaráis na mBallstát dul i ngleic leis an ngáinneáil ar dhrugaí agus leis an gcoireacht eagraithe. Ós rud é go dtiocfaidh deireadh le cur i bhfeidhm Threochlár an Aontais chun gáinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac i mí na Nollag 2025, is é is aidhm don nóta seo ón Uachtaránacht na príomhthorthaí a baineadh amach trí na gníomhaíochtaí tosaíochta a shainaithin Uachtaránachtaí na Beilge, na hUngáire, na Polainne agus na Danmhairge a chur i láthair.

---

1 Europol (2025), an Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe - *The changing DNA of serious and organised crime* [ADN athraitheach na coireachta tromchúisí eagraithe], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, EU-SOCTA-2025.pdf.

2 EUDA agus Europol, 2024, Margadh Drugaí an Aontais Eorpaigh: Substaintí sícighníomhacha nua — grinnanailís, https://www.euda. europa.eu/public.

3 IO C 1021 an 24.3.2021, lch. 1.

4 IO C 272 an 8.7.2021, lch. 2.

5 14114/23

6 7750/25

**Staid na himeartha**

**Gníomhaíocht 1: An pobal custaim a shlógadh i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí**
Ba é ab aidhm don ghníomhaíocht seo comhar oibríochtúil idir seirbhísí póilíneachta agus custaim a neartú, lena n-áirítear trí chomhordú idir **an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla** (EMPACT) agus plean gníomhaíochta na Meithle um Fhorfheidhmiú an Dlí (Custam) (LEWP-C).

Chruthaigh na Ballstáit agus an Coimisiún grúpa tionscadail ar a dtugtar an **Grúpa Tionscadail Custaim de chuid Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach**. Ar cheann de na príomhrudaí a baineadh amach tá an **measúnú** riosca cuimsitheach ar an staid mar atá ar an láthair. Leis an measúnú riosca sin, bhíothas in ann na príomhdhúshláin, na bearnaí agus na dea-chleachtais i gcomhrac na gáinneála ar dhrugaí a shainaithint agus a mhapáil. Tugadh obair an ghrúpa tionscadail i gcrích i mí Eanáir 2025 agus leanfar de na gnéithe oibríochtúla faoi **Chomhghuaillíocht Chustaim nuabhunaithe an Aontais um Theorainneacha**, lena gcumhdaítear teorainneacha talún, mara agus aeir.

Chuir clár na h**Ionstraime um Threalamh Rialaithe Custaim** tacaíocht airgeadais ar fáil don tosaíocht sin. **Leithdháileadh breis agus EUR 200 milliún chun trealamh úrscothach a chistiú** a chuideoidh le húdaráis chustaim coimeádáin agus modhanna eile iompair a scanadh, rud a mhéadóidh éifeachtacht na bainistíochta riosca agus na rialuithe custaim.

Ba thosaíocht é sin ar chlár oibre LEWP-C, a léirítear trí gníomhaíochtaí a sheoladh agus a fhaireachán i réimse na ndrugaí, is iad sin na gníomhaíochtaí a áirítear sa 12ú **Plean Gníomhaíochta LEWP-C 2024-2025** (táirgeadh aindleathach cannabais agus gáinneáil aindleathach ar channabas, gáinneáil ar chócaon i gcoinsíneacht mhuirí)[7] nó trí rannpháirtíocht na gcustam i **Laethanta Gníomhaíochta Comhpháirtí EMPACT** i réimse na ndrugaí, agus béim ar leith á leagan ar na laethanta gníomhaíochta comhpháirtí lena dtugtar aghaidh ar an ngáinneáil ar dhrugaí.

7 16376/3/23 REV 3



PUBLIC

Tugtar tuairisc ar na príomhbhagairtí, treochtaí agus *modi operandi* coiriúla sa Mheasúnú ar Bhagairtí Custaim, 2025 a eisíodh i mí Aibreáin (leagan srianta)[8] agus i mí an Mheithimh 2025 (leagan poiblí)[9]. Ba iad an Measúnú ar Bhagairt Chustaim agus Measúnú nua an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (SOCTA 2025), an bonn ar ar ullmhaíodh **13ú Plean Gníomhaíochta LEWP-C 2026-2027**. Chomhaontaigh LEWP-C an plean gníomhaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2025 agus áirítear ann gníomhaíochtaí atá dírithe ar an ngáinneáil ar dhrugaí a chomhrac ag na teorainneacha talún, aeir agus mara.[10]

Cuireadh tús freisin leis an bplé maidir leis an gcaoi a bhféadfadh **an comhphobal custaim rannchuidiú go héifeachtúil leis an gcomhar idirnáisiúnta le tríú tíortha**, go háirithe i Meiriceá Laidineach, i gcomhrac na gáinneála ar dhrugaí.

**Gníomhaíocht 2: Oibríochtaí forfheidhmithe dlí a neartú i gcalafoirt**

Is é aidhm na gníomhaíochta seo cur leis na hiarrachtaí comhordaithe forfheidhmithe dlí agus breithiúnacha chun imscrúdú a dhéanamh ar na líonraí coiriúla sin a sheol na drugaí a urghabhadh.

Tionscnamh tábhachtach laistigh den **Ghrúpa Tionscadail Custaim de chuid Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach** a bhunaigh an Coimisiún i mí na Samhna 2023 (féach Gníomhaíocht 1 thuas) ba ea sraith cuairteanna calafoirt a dhéanamh ar phríomhchalafoirt an Aontais, cuairteanna a chuir ar chumas saineolaithe náisiúnta custaim eolas praiticiúil a chómhalartú agus saineolas breise a fháil chun déileáil leis na dúshláin a bhaineann le comhrac na gáinneála ar dhrugaí agus na coireachta eagraithe.

I mí Aibreáin 2024, d'eagraigh údaráis chustaim na Gearmáine na **laethanta rialaithe Eorpacha chun smuigleáil drugaí ar muir a chomhrac** (oibríocht dar teideal 'UNDA'), ina raibh 17 mBallstát de chuid an Aontais páirteach. Ba é 11.5 tona cócaoin meáchan na n-urghabhálacha drugaí a d'eascair as an oibríocht sin.

---

8 WK 4256/2025 RESTREINT UE/EU RESTRICTED
9 5858/25
10 13314/2/25 REV 2



PUBLIC

I mí an Mhárta 2025, bhí a chéad chruinniú iomlánach ag an **Líonra Breithiúnach Eorpach um an gCoireacht Eagraithe (EJOCN)**, faoi chathaoirleacht Uachtaránacht na Polainne. Is líonra ionchúisitheoirí é Líonra Breithiúnach Eorpach um an gCoireacht Eagraithe a bhfuil sé d'aidhm aige aghaidh a thabhairt ar gach gné bhreithiúnach de chomhrac na coireachta eagraithe. Tar éis bhunú an Líonra Bhreithiúnaigh Eorpaigh um an gCoireacht Eagraithe i mí an Mheithimh 2024, mhol an Chomhairle, mar chéad tosaíocht, go dtabharfadh an líonra aghaidh ar an ngáinneáil ar dhrugaí, go háirithe trí chalafoirt a úsáideann grúpaí coireachta eagraithe. Sa chéad chruinniú iomlánach, cumhdaíodh cásobair agus forbairtí beartais i gcomhrac na ngrúpaí coireachta eagraithe agus na gáinneála ar dhrugaí. Pléadh iad sin freisin ag an dara cruinniú iomlánach den Líonra Breithiúnach Eorpach um an gCoireacht Eagraithe i mí Dheireadh Fómhair 2025.

I mí an Mheithimh 2025, ghlac an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile na **conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar EMPACT agus maidir le tosaíochtaí an Aontais i ndáil le coireacht don chéad timthriall EMPACT eile 2026-2029**[11]. Bunaithe ar mholtaí ó SOCTA 2025, i dtimthriall EMPACT 2026-2029 áirítear 7 dtosaíocht agus 13 phlean gníomhaíochta oibriúcháin. Ceann de na tosaíochtaí is ea gáinneáil ar dhrugaí, a dtabharfar aghaidh uirthi trí dhá phlean gníomhaíochta oibriúcháin: ceann amháin lena ndírítear ar tháirgeadh, ar gháinneáil agus ar dháileadh cannabais, cócaoin agus hearóine agus an ceann eile lena ndírítear ar dhrugaí sintéiseacha agus ar shubstaintí sícighníomhacha nua. Áirítear sna pleananna gníomhaíochta oibriúcháin gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chur chuige iomlánaíoch maidir leis an ngáinneáil ar dhrugaí lena dtugtar aghaidh, mar shampla, ar an léiriú staide a thabhairt cothrom le dáta, ar imscrúdú airgeadais, ar chosc, ar chomhar le tíortha idirthurais agus tionscnaimh, agus lena chois sin ar fhothú acmhainneachta.

**Gníomhaíocht 3: Comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí i gcoinne smuigleáil drugaí agus insíothlú coiriúil**

Ba é aidhm na gníomhaíochta seo faireachán a dhéanamh ar **Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach (CPP CCE)** agus slándáil agus athléimneacht na gcalafort ó thaobh na gáinneála ar dhrugaí agus na coireachta eagraithe a mhéadú, *inter alia*, trí dhea-chleachtais a chómhalartú agus a chur chun cinn.

---

11 9397/25

Seoladh **CPP CCE** i mí Eanáir 2024 in Antuairp. Comhaontaíodh a phlean oibre le linn an chéad **Chruinnithe d'Oifigigh Shinsearacha CPP CCE** an 26 Aibreán 2024, inar sainaithníodh ceithre chnuasach ábhar a ndíríonn CPP orthu: (i) **Comhar oibríochtúil** (e.g. malartú dea-chleachtas, comhroinnt faisnéise chun feabhas a chur ar léiriú na bagartha, bearnaí a shainaithint); (ii) **Insíothlú arna dhéanamh ag grúpaí coiriúla eagraithe agus éilliú i gcalafoirt a chomhrac** (e.g. leochaileachtaí i slabhraí soláthair calafort, i scagadh agus i seiceálacha cúlra ar phearsanra i gcalafoirt, bearta múscailte feasachta i gcás amhrais nó bagartha); (iii) **Forbairt agus cur chun feidhme beartais** (e.g. neart a chur le comhlíonadh an Chóid Idirnáisiúnta um Shlándáil Long agus Saoráid Chalafoirt agus reachtaíocht ghaolmhar an Aontais) agus (iv) **Nuálaíocht**: teicneolaíocht nuálach a úsáid chun athléimneacht mol lóistíochta agus earnáil na loingseoireachta i leith gáinneáil ar dhrugaí a neartú (e.g. tionscadail arna gcistiú ag an Aontas a chur i láthair, dea-chleachtais a chómhalartú agus bearnaí agus tosaíochtaí amach anseo a shainaithint).

In 2024, eagraíodh ceardlanna téamacha chun gach ceann de na cnuasaigh sin a phlé. Tugadh eolas rialta do chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle (an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí (Custam), an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí (Póilíní), Grúpa Tacaíochta COSI) maidir le cur chun feidhme an phlean oibre.

An 29 Aibreán 2025, tionóladh **an dara Cruinniú d'Oifigigh Shinsearacha CPP CCE** in Gdańsk (an Pholainn). Ba é príomhsprioc an chruinnithe cur chun feidhme an phlean oibre a mheas agus an treo amach anseo a phlé. Leagadh béim sa chruinniú ar a thábhachtaí atá sé díriú ar an slabhra lóistíochta ina iomláine, lena mbaineann calafoirt thánaisteacha agus intíre (lena gcuirtear cosc ar 'éifeacht tocht uisce'), agus comhar idirnáisiúnta níos láidre (e.g. le tíortha Mheiriceá Laidinigh).

An 21 Iúil 2025, tionóladh **Cruinniú Aireachta CPP CCE** i gCóbanhávan. Bhí an cruinniú ríthábhachtach chun obair na Comhghuaillíochta amach anseo a stiúradh agus d'fhóin sé chun ábhair a shainiú a bheidh le cuimsiú sa Straitéis Eorpach um Chalafoirt, a ghlacfaidh an Coimisiún in 2026. D'fhonn an gháinneáil ar dhrugaí a chomhrac go héifeachtach, neartóidh an tAontas **an comhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais**, lena n-áirítear iad siúd i Meiriceá Laidineach, agus tacóidh sé le tionscnaimh ina gcalafoirt (e.g. trí chomhar idir an Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) agus Coiste Mheiriceá Laidinigh um an tSlándáil Inmheánach (CLASI)). Pléadh slándáil agus athléimneacht i moil lóistíochta freisin le linn chruinniú COSI-CLASI i mí na Samhna 2025.

PUBLIC

**Gníomhaíocht 4: Mapáil a dhéanamh ar na líonraí coiriúla ar mó an bhagairt iad don tsochaí**

Ba é ab aidhm don ghníomhaíocht seo obair leantach a dhéanamh ar na Conclúidí ón gComhairle maidir leis na líonraí coiriúla is bagraí a mhapáil[12] a glacadh an 13 Meitheamh 2024.

An 18 Márta 2025, d'fhoilsigh Europol **SOCTA 2025 an Aontais**, ina sainaithnítear na príomhbhagairtí ar shlándáil inmheánach an Aontais, rud a chuireann ar chumas an Aontais cur chuige réamhghníomhach agus spriocdhírithe a ghlacadh chun an choireacht thromchúiseach eagraithe a chomhrac. Tá sé beartaithe athbhreithniú meántéarma a dhéanamh in 2027.

An 13 Meitheamh 2025, d'fhormheas an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile **na Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar EMPACT agus maidir le tosaíochtaí an Aontais i ndáil le coireacht don chéad timthriall EMPACT eile 2026-2029**, lena n-áiritheofar go leanfar de bhéim a chur ar na líonraí coiriúla agus ar na coirpigh aonair is bagraí mar thosaíocht choireachta an Aontais sa chéad timthriall EMPACT eile. Tá comhrac na Líonraí Coiriúla agus na nDaoine Aonair is Bagairtí fós ina Phlean Gníomhaíochta Oibriúcháin cothrománach faoi thimthriall nua EMPACT 2026-2029, lena leantar de ghníomhaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta Oibriúcháin atá ann faoi láthair maidir le Líonraí Coiriúla Ardriosca 2024-2025, agus lena n-áirítear gníomhaíochtaí oibríochtúla spriocdhírithe nua.

Tá Europol ag obair faoi láthair ar mhapáil nuashonraithe ar na líonraí coiriúla is bagraí. Tá sé beartaithe é a fhoilsiú i mí an Mheithimh 2026.

**Gníomhaíocht 5: Líonra d'ionchúisitheoirí agus breithiúna speisialaithe chun deireadh a chur le líonraí coiriúla**

Chun na líonraí coiriúla agus a samhlacha gnó a chomhrac ar fud an Aontais, tá a gcomhar neartaithe ag na húdaráis bhreithiúnacha chun cómhalartú faisnéise a éascú ar bhealach níos fearr ar fud na mBallstát uile. D'fhormheas an Chomhairle bunú **Líonra Breithiúnach Eorpach um an gCoireacht Eagraithe (EJOCN)[13]** ag an gcruinniú a bhí aici i mí an Mheithimh 2024. I mí Mheán Fómhair 2024, d'eagraigh Eurojust an chéad chruinniú den líonra, chun féachaint cén chaoi ar féidir comhar níos fearr a dhéanamh thar theorainneacha ar leibhéal na n-ionchúisitheoirí agus a áirithiú go leanfar go pras den obair a dhéanann na seirbhísí forfheidhmithe dlí ar an leibhéal breithiúnach.

---

[12] 11153/24
[13] 10980/24



PUBLIC

Ós rud é gur mhol an Chomhairle do EJOCN, mar chéad tosaíocht, aghaidh a thabhairt ar an ngáinneáil ar dhrugaí, go háirithe trí chalafoirt a úsáideann grúpaí coireachta eagraithe, cumhdaíodh sa **chéad chruinniú iomlánach de EJOCN i mí an Mhárta 2025** cásobair agus forbairtí beartais i gcomhrac na ngrúpaí coireachta eagraithe agus na gáinneála ar dhrugaí. I mí Mheán Fómhair 2025, tháinig an Líonra le chéile le h**ionchúisitheoirí ó thíortha i Meiriceá Laidineach**, chun saineolas a chomhroinnt agus straitéisí a bheadh chun leasa na beirte a fhorbairt chun dul i ngleic leis an ngáinneáil a dhéanann grúpaí coireachta eagraithe ar dhrugaí trí chalafoirt. I **mí Dheireadh Fómhair 2025,** thionóil EJOCN **an dara cruinniú iomlánach**, agus rinneadh plé ar an gCinneadh Réime ón gComhairle[14] maidir le coireacht eagraithe agus gáinneáil aindleathach ar dhrugaí agus reáchtáladh ceardlann do chleachtóirí maidir le '**coir mar sheirbhís**' inar tugadh aghaidh freisin ar earcú na mionaoiseach.

**Gníomhaíocht 6: Imscrúduithe airgeadais a éascú**

Ba é an aidhm a bhí leis ngníomhaíocht sin feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as imscrúduithe airgeadais mar bhealach éifeachtach chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac, agus na gnóthachain neamhdhleathacha a bhaint de choirpigh. Rinne an tAontas breis iarrachtaí chun an choireacht eacnamaíoch agus airgeadais a chomhrac trí shraith nua rialacha maidir le comhrac an sciúrtha airgid a fhormheas, lena n-áirítear roinnt príomhionstraimí reachtacha, chomh maith leis an **Údarás um Chomhrac an Sciúrtha Airgid** (ÚCSA) a bhunú, údarás a dhéanann maoirseacht ar obair na ngníomhaithe ar fad lena mbaineann. I bhfianaise chineál trasteorann na coireachta airgeadais, méadóidh an ghníomhaireacht comhlíontacht na n-eintiteas faoi oibleagáid trí shásra comhtháite a chruthú le maoirseoirí náisiúnta.

[14] Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe, http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2008/841/oj agus Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus maidir le pionóis i réimse na gáinneála neamhdhleathaí ar dhrugaí, http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2004/757/2022-08-18

Leis an bpacáiste um **Chomhrac an Sciúrtha Airgid agus Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta (ÚCSA/CMS)** a ghlac an Chomhairle i mí na Bealtaine 2024, tugtar isteach rialacha nua atá níos déine lena gcomhchuibheofar agus lena neartófar comhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta san Aontas. Cinntítear leis an Treoir maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní[15] go dtosaítear ar imscrúduithe airgeadais go córasach i gcomhthráth le himscrúduithe coiriúla agus tugtar isteach coigistiú ar rachmais gan údar maith atá bainteach le hiompar coiriúil. Áirithítear leis freisin dlúthchomhar idir na hoifigí um aisghabháil sócmhainní agus Europol. Chomh maith leis sin áirithítear leis an Treoir go mbeidh rochtain dhíreach ag oifigí um aisghabháil sócmhainní ar an bhFeidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA). Ar na hionstraimí ábhartha eile sa réimse sin tá, an Treoir maidir le rochtain a bheith ag údaráis inniúla ar chlárlanna láraithe cuntas bainc [16], a leasaíodh in 2024 chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí ar chláir láraithe cuntas bainc trí phointe rochtana aonair, agus an **Treoir maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach (OIE)**, ina bhfuil forálacha maidir le fianaise a fháil a bhaineann le cuntais bhainc, idirbhearta baincéireachta agus cuntais airgeadais eile.

Ag tógáil ar an gcreat dlíthiúil a rinneadh le pacáiste ÚCSA/CMS, d'ullmhaigh Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí Europol um Fhaisnéis Airgeadais (CPPEFA) **Treoir Phraiticiúil maidir le Comhar Oibríochtúil idir Údaráis Imscrúdaitheacha agus Institiúidí Airgeadais**[17]. Leis an Treoir Phraiticiúil cuirfear treoir phraiticiúil ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'institiúidí airgeadais maidir lena gcomhar a mhúnlú.

Leanann **an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla** de bheith ina phríomhshásra comhair ó thaobh imscrúduithe airgeadais a dhéanamh. Tá airgeadas coiriúil, sciúradh airgid agus aisghabháil sócmhainní mar chuid de cheann de na comhspriocanna cothrománacha straitéiseacha lena n-áirithítear go n-áirítear na gnéithe sin i nach mór gach plean gníomhaíochta oibríochtúil (PGOnna) agus baineadh torthaí suntasacha amach leo. Coinneofar é sin ar bun faoin timthriall nua de EMPACT 2026-2029.

---

15 Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní, (IO L, 2024/1260, 2.5.2024).

16 Treoir (AE) 2024/1654 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1153 a mhéid a bhaineann le rochtain ag údaráis inniúla ar chlárlanna láraithe cuntas bainc tríd an gcóras idirnasctha agus trí bhearta teicniúla chun úsáid taifead idirbheart a éascú (IO L, 2024/1694, 19.6.2024).

17 *EFIPPP (2025), EFIPPP Practical Guide for Operational Cooperation between Investigative Authorities and Financial Institutions* [CPPEFA (2025), Treoir Phraiticiúil CPPEFA maidir le Comhar Oibríochtúil idir Údaráis Imscrúdaitheacha agus Institiúidí Airgeadais], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.



PUBLIC

Ba é Eurojust a chur an **Grúpa um Fhócas Breithiúnach ar Sciúradh Airgid agus Aisghabháil Sócmhainní** ar bun, grúpa atá comhdhéanta d'ionchúisitheoirí nó breithiúna a thagann le chéile chun mol ildisciplíneach de shaineolaithe náisiúnta a chruthú a bhfuil baint acu le sciúradh airgid agus aisghabháil sócmhainní a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus beidh sineirgí eatarthu le comhpháirtithe eile lena n-áirítear an Coimisiún, Europol, ÚCSA, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus EJOCN. Is é príomhsprioc an ghrúpa sin feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach trasteorann i gcásanna oibríochtúla trí fheabhas a chur ar an gcomhar náisiúnta idir ionchúisitheoirí, breithiúna, lucht forfheidhmithe an dlí, criptea-shaineolaithe, cuntasóirí airgeadais, oifigí aisghabhála sócmhainní, oifigí bainistíochta sócmhainní agus oifigí um fhaisnéis airgeadais.

PUBLIC

**Gníomhaíocht 7: Imscrúduithe digiteacha a éascú**

Ba é an aidhm a bhí leis ngníomhaíocht seo réitigh fhéideartha a shainiú maidir le rochtain a bheith ag lucht forfheidhmithe an dlí ar shonraí, ag tógáil ar na moltaí ón nGrúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí, a eisíodh i mí na Bealtaine 2024. Cuireadh bailchríoch ar phróiseas an Ghrúpa Ardleibhéil nuair a d'ullmhaigh **an Grúpa Ardleibhéil tuarascáil chríochnaitheach**[18], ar ar breithníodh ag an gcruinniú iomlánach i mí na Samhna 2024.

I mí na Nollag 2024, **d'fhormheas an Chomhairle conclúidí maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí**[19], ina n-iarrtar ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar rannchuidiú luachmhar an **Ghrúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí** agus gníomhaíochtaí nithiúla á bhforbairt agus á gcur chun feidhme acu. Ina theannta sin, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún treochlár a thíolacadh faoi R2 2025 chun bearta ábhartha a chur chun feidhme. I mí na Bealtaine 2025, bhí plé ag COSI maidir le rochtain ar shonraí[20] mar ullmhúchán don seisiún tuairimíochta a bhí beartaithe ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile i mí an Mheithimh 2025.

Glacadh **an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le treochlár chun rochtain dhleathach éifeachtach ar shonraí** a áirithiú an 24 Meitheamh 2025 agus cuireadh i láthair í ag cruinniú neamhfhoirmiúil COSI i gCóbanhávan i mí Iúil 2025. Chun cur chun feidhme an treochláir agus bearta eile ar thug na Ballstáit tosaíocht dóibh a éascú, ullmhaíodh forléargas ar na gníomhaíochtaí do chruinniú COSI an 18 Meán Fómhair 2025. Cuireadh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile ar an eolas faoi staid na himeartha i mí Dheireadh Fómhair 2025.

---

**18** 15941/24
**19** 16448/24
**20** 8453/25 + ADD1

Bhí comhlachtaí ullmhúcháin éagsúla den Chomhairle páirteach san obair ar rochtain ar shonraí. Rinneadh plé ar choinneáil sonraí in COPEN, bhí seisiún tuairimíochta maidir le deimhniú saineolaithe fóiréinsice digití ag LEWP-P agus rinneadh plé ar ghníomhaíochtaí chun feasacht a mhúscailt agus gníomhaíochtaí cumarsáide i nGrúpa Tacaíochta COSI. Phléigh COSI gnéithe caighdeánaithe an 18 Samhain 2025 agus dhéileáil CATS le hidircheapadh dleathach an 25 Samhain 2025.

Cuirfear an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile ar an eolas faoi staid na himeartha i ndáil leis an obair ar rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí ag deireadh théarma Uachtaránacht na Danmhairge trí nóta faisnéise lena gcuimseofar na gníomhaíochtaí a dhéantar laistigh den Chomhairle.

**Gníomhaíocht 8: Acmhainneacht fholáirimh Chóras Faisnéise Schengen a dhíghlasáil**

Ba é an aidhm a bhí leis ngníomhaíocht seo úsáid iomlán a bhaint as na huirlisí atá ar fáil i CFS chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac. Tugadh aghaidh ar **chur chun feidhme Athmhúnlú CFS** faoin ngníomhaíocht seo. Ag cruinniú IXIM i mí Mheán Fómhair 2024, bhí deis ag na toscaireachtaí a dtaithí agus a ndea-chleachtais a chomhroinnt a mhéid a bhaineann leis na feidhmiúlachtaí nua. Bunaíodh an malartú ar chur i láthair ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) maidir le staidreamh agus forbairtí a bhí ann ó tháinig an tAthmhúnlú i bhfeidhm i mí an Mhárta 2023, trí nuashonrú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach, agus trí chleachtais náisiúnta a chur i láthair. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún na chéad chéimeanna eile maidir le Córas Faisnéise Schengen i láthair ag cruinniú IXIM i mí an Mhárta 2025, agus pléadh gnéithe breise de thodhchaí fhéideartha an chórais ag cruinniú IXIM i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Eagraíodh roinnt seisiún tuairimíochta maidir le **cineálacha sonracha foláireamh CFS** freisin. Le linn cruinniú IXIM i mí na Samhna 2024, d'eagraigh an Uachtaránacht plé chun obair leantach a dhéanamh ar na hiarrachtaí a rinneadh roimhe seo úsáid níos mó a bhaint as foláirimh dá bhforáiltear in Airteagal 36 den Rialachán maidir le Córas Faisnéise Schengen (2018/1862), go háirithe seiceálacha fiosrúcháin. Ag an gcruinniú a bhí ag IXIM i mí na Nollag 2024, d'éascaigh an Uachtaránacht seisiúin tuairimíochta maidir le bainistiú fholáirimh CFS maidir le hairm thine, agus béim ar leith á leagan ar aghaidh a thabhairt ar cháilíocht sonraí agus ar éifeachtúlacht oibríochtúil.

Bhí plé ann freisin maidir leis an gcomhar le Europol. Ag cruinniú IXIM mhí Feabhra 2025, thosaigh an Uachtaránacht ag bailiú tuairimí na mBallstát maidir le roinnt gnéithe a bhaineann le hamais a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht a chomhroinnt le Europol. Cuireadh na torthaí i láthair ag cruinniú IXIM i mí an Mhárta 2025. Pléadh tuairisciú amas chuig Europol ó thaobh na praiticiúlachta de ag cruinnithe IXIM i mí an Mhárta agus i mí na Bealtaine 2025.

PUBLIC

**Gníomhaíocht 9: I dtreo creat dlíthiúil níos stóinsí i gcoinne na coireachta eagraithe**

Tá creat dlíthiúil éifeachtach an Aontais riachtanach chun na huirlisí is gá a sholáthar d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha chun an choireacht eagraithe a chomhrac. D'ullmhaigh an Chomhairle na **téarmaí tagartha (ceistneoir) don 11ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha**[21] a bheidh dírithe ar an ngáinneáil ar dhrugaí a chomhrac. Is é príomhchuspóir an 11ú babhta aghaidh a thabhairt ar **na dúshláin oibríochtúla agus dhlíthiúla atá os comhair na n-údarás breithiúnach agus forfheidhmithe dlí maidir lena bhfreagairt ar gháinneáil trasteorann ar dhrugaí, chomh maith le réimsí a shainaithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu**. Tá an 11ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, atá dírithe ar an ngáinneáil aindleathach ar dhrugaí san Aontas a chomhrac, á ndéanamh faoi láthair. Cuireadh tús leis na cuairteanna ar an láthair ar na Ballstáit i mí an Mhárta 2025 agus leanfar ar aghaidh leo go dtí mí Aibreáin 2026. Agus mí na Samhna 2025 anois ann, tá 15 mheastóireacht déanta ar an láthair cheana féin. D'fhormheas COPEN na tuarascálacha tíre maidir leis an Danmhairg[22] agus maidir leis an gCipir[23] cheana féin agus formheasfar tuarascálacha tíre breise ar bhonn leanúnach de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar na meastóireachtaí. Meastar go gcuirfear an tuarascáil chríochnaitheach i gcrích sa dara seimeastar de 2026.

Ina theannta sin, rinneadh iarrachtaí **athléimneacht agus stóinseacht na gcóras ceartais i gcoinne eagraíochtaí coiriúla** a mhéadú trí thuiscint níos fearr a fháil ar na bagairtí agus ar mhalartú dea-chleachtas. Bhí seisiún tuairimíochta ann maidir le hathléimneacht agus stóinseacht na gcóras ceartais i gcoinne na coireachta eagraithe i gcomhthéacs **idirphlé na Comhairle maidir leis an smacht reachta i mí an Mhárta 2024**, rud a rannchuidigh le feasacht mhéadaithe.

---

21 Bunaíodh an sásra um meastóireachtaí frithpháirteacha le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/827/CGB agus is é is aidhm dó meastóireacht 'piaraí' a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme gníomhartha agus ionstraimí an Aontais agus gníomhartha agus ionstraimí idirnáisiúnta eile in ábhair choiriúla ar an leibhéal náisiúnta, ar an reachtaíocht agus ar na cleachtais a eascraíonn as sin ar an leibhéal náisiúnta agus ar ghníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta sa troid in aghaidh na coireachta eagraithe sna Ballstáit. Tá gach babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha dírithe ar ábhar ar leith.

22 9428/25

23 13074/25 REV1

Maidir leis an **athbhreithniú** a dhéanfar amach anseo ar **Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle** an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcoireacht eagraithe a chomhrac, tá an Coimisiún ag obair ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin faoi láthair, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana agus comhairliúcháin leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha. Is é an aidhm atá ann cur chuige an Aontais a nuachóiriú agus a chuíchóiriú chun an choireacht eagraithe a chomhrac, agus a áirithiú go léireoidh an gcreat dlíthiúil na treochtaí coiriúla atá ann faoi láthair agus go dtacóidh sé le comhar éifeachtach trasteorann. Meastar go gcuirfear an togra le haghaidh rialacha nua maidir leis an gcoireacht eagraithe i láthair in 2026.

PUBLIC

Mar a fógraíodh sa Treochlár faoin ngníomhaíocht seo, tá meastóireacht á déanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na gnéithe a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus maidir le pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí, agus cabhair á fáil aige ó chonraitheoir seachtrach. Is é is aidhm don mheastóireacht measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE na míre sin de dhlí coiriúil an Aontais. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún toradh na meastóireachta a fhoilsiú sa 2ú ráithe de 2026.

**Gníomhaíocht 10: Gníomhaíochtaí coireachta eagraithe a chosc trí bhearta riaracháin**

Léirigh tuarascáil Europol[24] go bhfuil struchtúir ghnó dhlíthiúla in úsáid ag 86 % de na líonraí coiriúla is mó bagairt. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh na húdaráis riaracháin ar an eolas faoin ról mór is féidir leo a imirt maidir leis an gcoireacht eagraithe a chomhrac.

[24] Europol (2024), *Decoding the EU's most threatening criminal networks* [Na líonraí coiriúla is mó bagairt san Aontas a thuiscint], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

Pléadh an t-ábhar sin ag **cruinniú neamhfhoirmiúil aireachta CGB in Eanáir 2024**. Rinne **an Líonra Eorpach maidir leis an gCur Chuige Riaracháin** (LECCR) tuilleadh scrúdaithe ar chur i bhfeidhm praiticiúil an chur chuige riaracháin agus ar na féidearthachtaí maidir le comhroinnt faisnéise trasteorann chun bearta riaracháin nó coisctheacha a dhéanamh chun insíothlú eagraíochtaí coiriúla sa gheilleagar dlíthiúil a chosc. Sa chomhthéacs sin, d'eisigh LECCR **treoir maidir le *How to get started with the administrative approach* [Conas tús a chur leis an gcur chuige riaracháin]**[25]. Pléadh an cur chuige riaracháin freisin ag an **gcomhdháil Eorpach um Chosc na Coireachta**, dar téama 'An choireacht eagraithe a chosc go héifeachtach san Aontas' in Aibreán 2024 i dTaillinn. Ag an gcruinniú a bhí ag COSI in Aibreán 2024, chomhaontaigh na toscaireachtaí **cleachtadh mapála** a dhéanamh lena ndéanfar anailís ar na féidearthachtaí atá ar fáil faoin mbunús dlí atá ann cheana maidir le malartú trasteorann faisnéise chun críoch riaracháin agus d'iarr siad ar an gCoimisiún **féachaint an bhféadfaí reachtaíocht nua a mholadh.** An 17 agus an 18 Nollaig 2025, eagróidh an Coimisiún cruinniú leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, chomh maith le líonraí ábhartha de chuid an Aontais, lena n-áirítear LECCR, chun dea-chleachtais a mhalartú agus treoir phraiticiúil a chur ar fáil maidir le conas gníomhaíocht riaracháin a dhéanamh in aghaidh na coireachta eagraithe, agus ar an gcaoi sin, an ghníomhaíocht a fógraíodh sa Treochlár a chur i gcrích.

PUBLIC

Cuireadh tuarascáil Europol maidir le mí-úsáid struchtúr dlíthiúil gnó faoi bhráid COSI[26] i mí na Samhna 2024, ina n-athdhearbhaítear a thábhachtaí atá sé an cur chuige riaracháin a úsáid a thuilleadh mar fhrithbheart tábhachtach i gcomhrac na coireachta tromchúisí agus eagraithe. Is gníomhaíochtaí breise iad **lámhleabhar** a dhréachtú, faoi chuimsiú **EMPACT**, **maidir le bearta riaracháin** chun dul i ngleic le drugaí sintéiseacha nua, lámhleabhar atá le cur i láthair ag deireadh 2025. **Ag Cruinniú na nOifigeach Sinsearach idir an tAontas agus na Balcáin Thiar an 16 Aibreán 2024**, cuireadh taithí náisiúnta na Beilge maidir leis an gcur chuige riaracháin i láthair do chomhpháirtithe na mBalcán Thiar

I mí an Mheithimh 2025, d'fhormheas an Chomhairle na conclúidí maidir le feabhas a chur ar EMPACT agus maidir le tosaíochtaí coireachta an Aontais don chéad **timthriall eile a bheidh ag EMPACT don tréimhse 2026-2029**.

---

25 ENAA (2023). *How to get started with the administrative approach*. [Conas tús a chur leis an gcur chuige riaracháin.] An Bhruiséil: LECCR.

26 Europol (2024), *Leveraging legitimacy: How the EU's most threatening criminal networks abuse legal business structures* [An tslí a mbaineann na líonraí coiriúla is bagraí san Aontas mí-úsáid as struchtúir dhlíthiúla ghnó], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

I **dtimthriall EMPACT 2026+**, is príomhstraitéis chomhlántach é **bearta riaracháin a úsáid in aghaidh na coireachta tromchúisí eagraithe** chun mí-úsáid an bhonneagair dhlíthiúil a chosc agus chun aghaidh a thabhairt uirthi. I réimse chomhrac na líonraí coiriúla agus na ndaoine aonair is bagraí, díreofar gníomhaíocht oibríochtúil ar **fhorléargas a chruthú ar na cineálacha cur chuige riaracháin a úsáideann na Ballstáit**, chomh maith le feasacht a mhúscailt ar na buntáistí a bhaineann le díriú ar chur chuige riaracháin agus saineolas a fhorbairt trí leas a bhaint as comhar le líonraí atá ann cheana (an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta agus LECCR), agus trí chomhpháirtíochtaí agus líonraí nua a bhunú. Ina theannta sin, díreoidh sé freisin ar **bhunúis dlí** agus **uirlisí oibríochtúla a d'fhéadfadh a bheith ann a chinneadh** chun **faisnéis oibríochtúil agus riaracháin a mhalartú**. Baineann roinnt gníomhaíochtaí oibríochtúla eile leis an gcur chuige riaracháin, lena n-áirítear gníomhaíocht lena ndéanfar measúnú ar bhagairt insíothlaithe maifia, gníomhaíocht chun uirlisí a fhorbairt chun sciúradh airgid a chomhrac i réimse na réadmhaoine, chomh maith le gníomhaíocht lena ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar ghrúpaí coiriúla a shaothraíonn bealaí malartacha abhann.

**Gníomhaíocht 11: Leathadh réamhtheachtaithe drugaí dearthóra a chomhrac**

Ba é ab aidhm don ghníomhaíocht seo éifeachtacht an rialaithe ar réamhtheachtaithe drugaí a mhéadú agus dlús a chur le sceidealú substaintí.

I mBealtaine 2025, chomhaontaigh an Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí dréacht**-chonclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhshocrú lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí drugaí sintéiseacha nua agus substaintí sícighníomhacha nua san Aontas Eorpach**[27] agus d'fhormheas an Chomhairle iad i mí an Mheithimh 2025. Sna conclúidí sin, cuireann an Chomhairle béim ar an ngá leis an bhforáil 'uileghabhálach' a úsáid agus iarrann sí ar an gCoimisiún an creat reachtach a thabhairt cothrom le dáta chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí nua agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn, mar shampla, réamhtheachtaithe agus réamhtheachtaithe masctha a bheith á n-úsáid, lena n-áiritheofar go ndéanfar faireachán éifeachtach orthu agus go gcuirfear cosc éifeachtach ar a n-atreorú. Cuireann an Chomhairle béim freisin ar an ngá le comhar neartaithe le heintitis san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear cuideachtaí ceimiceán agus cógaisíochta chun atreorú réamhtheachtaithe a chosc. Sna conclúidí sin, molann an Chomhairle go ndéanfaí tuilleadh comhair le tríú tíortha, agus bealaí gáinneála ar dhrugaí sintéiseacha á gcur san áireamh.

[27] 8892/25



PUBLIC

In ProtectEU: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, chuir an Coimisiún in iúl go dtíolacfadh sé togra reachtach chun **athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil maidir le réamhtheachtaithe drugaí in 2025**, rud a dearbhaíodh le haghaidh R4 2025.

Bhí an comhrac in aghaidh leathadh réamhtheachtaithe dearthóra le feiceáil freisin sa phlé a rinne roinnt **comhpháirtithe idirnáisiúnta de chuid an Aontais**, lena n-áirítear mar chuid den **Idirphlé** débhliantúil **maidir le Drugaí idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe**, agus le linn an **Idirphlé** bhliantúil **idir an tAontas agus an tSín maidir le Drugaí** agus **an Chomhghrúpa Leantach maidir le Réamhtheachtaithe idir an tAontas agus an tSín**.

**Gníomhaíocht 12: Líonraí coiriúla a chosc ó leanaí agus daoine óga a earcú**
Tá méadú ag teacht ar líon na mionaoiseach leochaileach agus na ndaoine óga atá á n-earcú ag líonraí coiriúla chun gníomhaíochtaí coiriúla a dhéanamh. Ba é an aidhm a bhí le haghaidh a thabhairt ar an ábhar sin dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bhfeiniméan scáfar sin a chomhrac agus béim a leagan ar an ngá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i mbeartais chun an choireacht a chosc.

Tugadh aghaidh ar an ábhar sin ag **cruinniú neamhfhoirmiúil Aireachta CGB in Eanáir 2024,** agus pléadh é ag an **gcomhdháil** ardleibhéil **Eorpach um Chosc na Coireachta**, mar atá,'Cosc éifeachtach na coireachta eagraithe san Aontas Eorpach' in Aibreán 2024 i dTaillinn. Rinne **an Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí** tuilleadh plé ar an ábhar sin, rud a chuidigh le feasacht na mBallstát ar an tsaincheist a ardú agus a léirigh a thábhachtaí atá sé bearta coisctheacha a chur chun feidhme, lena n-áirítear an bosca uirlisí a eisíodh in 2022 chun cosc a chur ar dhaoine óga dul isteach i ndronga drugaí. Le linn na ndíospóireachtaí, **moladh gníomhaíochtaí breise**, mar shampla, dea-chleachtais a shainaithint agus sin bunaithe ar fhianaise ar a n-éifeachtacht, forléargas staide níos fearr a fhorbairt agus sonraí a chomhroinnt, agus féachaint ar fhéidearthachtaí chun tuilleadh taighde a dhéanamh ar an ábhar sin, rud a ndearnadh obair leantach air le linn an Idirphlé Taighde sa Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí i mí na Samhna 2025. Phléigh **cruinniú neamhfhoirmiúil COSI** an nós leanaí agus daoine óga a earcú ar líne chun coireanna a dhéanamh freisin i mí Iúil 2025. Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag comhaltaí CATS i mí Mheán Fómhair 2025, pléadh an feiniméan 'coireacht mar sheirbhís', agus béim ar leith á leagan acu ar leanaí a earcaítear le haghaidh gníomhaíochtaí coiriúla. Reáchtáil **an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta** seimineár gréasáin maidir le hearcaíocht daoine óga agus beartais agus uirlisí éifeachtacha chun an choireacht a chosc i mí Mheán Fómhair 2025 agus i mí Dheireadh Fómhair 2025, thug **an dara seisiún iomlánach de EJOCN** aghaidh ar an ábhar freisin. I mí Aibreáin 2025, seoladh an **Tascfhórsa Oibríochtúil GRIMM**, arna chomhordú ag Europol, chun dul i ngleic leis an bhforéigean mar sheirbhís agus le déantóirí coire óga a bheith á n-earcú sa choireacht thromchúiseach eagraithe.

Pléadh an t-ábhar maidir le cosc a chur ar líonraí coiriúla leanaí agus daoine óga a earcú, earcaíocht ar líne san áireamh, le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear ag an **bhFóram Aireachta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar** i mí Dheireadh Fómhair 2025, agus ag an **Idirphlé idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir le Drugaí** i mí na Samhna 2025, agus le tíortha Mheiriceá Laidinigh faoi chuimsiú **Shásra Comhordúcháin agus Comhair an Aontais agus Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh maidir le Drugaí**.

**Gníomhaíocht 13: Sábháilteacht phoiblí agus sláinte phoiblí a fheabhsú i réimsí ina mbíonn tionchar ag úsáid agus díol drugaí agus coireacht a bhaineann le drugaí orthu.**
Eagraíodh sraith **díospóireachtaí téamacha** sa **Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí** maidir le feabhas a chur ar an tsábháilteacht phoiblí agus ar an tsláinte phoiblí i gceantair a ndéanann úsáid agus díol drugaí agus an choireacht a bhaineann le drugaí difear dóibh, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme agus bealach chun cinn i ndáil le **híoschaighdeáin cháilíochta** i **réimse an laghdaithe ar éileamh ar dhrugaí**, darb aidhm a chinneadh a mhéid atá na conclúidí ón gComhairle curtha chun feidhme ag na Ballstáit, ag an gCoimisiún Eorpach agus ag EUDA, cad iad na dea-chleachtais nó na droch-chleachtais a bhí ann nó atá ann, nó cad iad na bacainní ar a gcur chun feidhme, más ann dóibh, agus ar deireadh, cad iad na conairí a d'fhéadfadh a bheith ann chun íoschaighdeáin cháilíochta de chuid an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme nó a mheasúnú a thuilleadh chun an t-éileamh ar dhrugaí a laghdú. Bhí plé ag an Meitheal Chothrománach um Dhrugaí freisin maidir leis na himpleachtaí don tsláinte phoiblí agus na bearta coisctheacha a bhaineann le **cáitíonóin shintéiseacha** san Aontas.

Tionóladh díospóireacht théamach freisin maidir le **coireacht a chosc**, agus béim ar leith á leagan ar straitéisí chun foréigean agus coireacht a bhaineann le margadh na ndrugaí a laghdú, chomh maith le plé téamach ar íoschaighdeáin cháilíochta agus ar **chaighdeáin cháilíochta Eorpacha maidir le drugaí a chosc**. Phléigh an Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí cur chun feidhme an **Churaclaim Eorpaigh um Chosc**, agus béim á leagan ar an ngá atá le cláir oiliúna chuimsitheacha atá ceaptha chun tacú le gairmithe a bhfuil baint acu leis an gcosc a mhúnlú, agus beartais ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil maidir le hidirghabhálacha coisctheacha fianaisebhunaithe a chur chun feidhme. Ar bhonn thorthaí na ndíospóireachtaí téamacha, moladh gníomhaíochtaí sonracha, agus béim á leagan aici go háirithe ar a thábhachtaí atá sé beartais agus uirlisí fianaisebhunaithe a chur chun cinn, dea-chleachtais a chomhroinnt chun an riosca a bhaineann le bheith rannpháirteach sa choireacht a laghdú, cur chun feidhme caighdeán cáilíochta a fheabhsú agus feasacht a mhúscailt a thuilleadh maidir leis an tábhacht agus an gá atá le caighdeáin cháilíochta i réimse an choisc drugaí. Tugadh aghaidh freisin san **Idirphlé Taighde** sa Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí ar thionscadail maidir le héileamh ar dhrugaí agus laghdú drugaí, agus tionóladh díospóireacht théamach freisin maidir le ródháileoga a chosc. Ar deireadh, eagraíodh plé téamach maidir le tosaíochtaí straitéiseacha chun aghaidh a thabhairt ar dhíobháil a bhaineann le drugaí chun cur le hullmhú **chreat straitéiseach nua an Aontais maidir le drugaí**.

PUBLIC

**Gníomhaíocht 14: Tacaíocht a neartú d'oibríochtaí oibríochtúla i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí san Afraic Thiar**

Tá an **Afraic Thiar** ag éirí níos tábhachtaí don trádáil dhomhanda cócaoin, ós rud é go bhfuil sí ag éirí níos tábhachtaí mar **phointe trasloingsithe** don chócaon a bhíonn á sheoladh chuig an Eoraip. Tá leathnú déanta ag roinnt de na grúpaí coireachta eagraithe is contúirtí agus is sofaisticiúla ar domhan, atá fréamhaithe sna Balcáin Thiar, chomh maith leis na príomhghníomhaithe i margaí drugaí ar fud na hEorpa agus Mheiriceá Laidinigh, óna mbunáiteanna ag an dá cheann de shlabhra soláthair an chócaoin chun oibríochtaí a sheoladh san Afraic Thiar. Is é is aidhm don ghníomhaíocht seo dul i ngleic leis an mbealach soláthair drugaí sin ar bhealach comhordaithe.

PUBLIC

Pléadh saincheist mhéadaitheach na gáinneála ar dhrugaí tríd an Afraic Thiar le cuid de chomhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear le linn an **Idirphlé idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le Drugaí** agus le linn **an Idirphlé idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir le Drugaí** i mí na Samhna 2025.

**Gníomhaíocht 15: Comhar an Aontais le tíortha i Meiriceá Laidineach agus sa Mhuir Chairib a threisiú i gcomhrac na coireachta eagraithe**

I bhfianaise raon domhanda na líonraí coiriúla, tá sé ríthábhachtach na comhpháirtíochtaí idir an tAontas agus Ballstáit aonair le tríú tíortha a neartú, go háirithe na tríú tíortha sin ar na príomhbhealaí soláthair drugaí. Is príomh-chomhpháirtithe iad **tíortha de chuid Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib** i ndáil leis sin, lena n-áirítear i gcomhthéacs na Comhpháirtíochta idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir le Ceartas agus Slándáil. D'oibrigh roinnt Uachtaránachtaí ar an gcomhar déréigiúnach leis na tíortha sin a neartú, agus thug sí aghaidh ar an tosaíocht sin i bhfóraim na Comhairle roinnt uaireanta. Ag an **gceathrú Cruinniú Mullaigh idir Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh agus an tAontas** le déanaí (an 9 Samhain 2025, Santa Marta, an Cholóim), athdhearbhaíodh sa dearbhú comhpháirteach uaidh tiomantas an dá réigiún an gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe thrasnáisiúnta a chomhrac ar bhonn níos ginearálta. Ar imeall an Aontais, seoladh **an Comhghuaillíocht idir AE agus MLC um Shlándáil na Saoránach** agus é formhuinithe ag 19 dtír i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib ag an am, chun an comhar sin a dhoimhniú agus a mhéadú a thuilleadh i gcur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí.

A mhéid a bhaineann leis an gcomhar le tíortha **Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib**, faoi chuimsiú **an tSásra Comhordúcháin agus Comhair idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh maidir le Drugaí**, ba chloch mhíle thábhachtach é **an comhaontú maidir le dearbhú La Paz**[28] an 22 Feabhra 2024 ar ar thángthas ag an gCruinniú Ardleibhéil den Sásra Comhordúcháin agus Comhair idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh maidir le Drugaí. Sainaithníodh i ndearbhú La Paz 5 thosaíocht don chomhar sin do na 5 bliana amach romhainn. D'oibrigh Comh-Uachtaránachtaí an tSásra go comhpháirteach ar chur chun feidhme Dhearbhú La Paz maidir leis an sásra sin. Eagraíodh roinnt cruinnithe de choiste teicniúil an Aontais agus Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh le rannpháirtíocht cheannairí na ngníomhaireachtaí náisiúnta drugaí ó réigiún Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh i bhfómhar 2024 agus 2025. I mí na Bealtaine 2025, tionóladh an XXVú Cruinniú Ardleibhéil den **Sásra Comhordúcháin agus Comhair idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh maidir le Drugaí** i Vársá (an Pholainn), inar formhuiníodh an tacair nua cuspóirí gearrthéarmacha don tréimhse ó mhí na Bealtaine 2025 go dtí an chéad Chruinniú Ardleibhéil eile in 2026. Le hidirphlé tiomnaithe maidir le drugaí, rannchuidítear freisin leis an gcomhar dé-réigiúnach, mar shampla **an tIdirphlé idir an tAontas agus an Bhrasaíl maidir le drugaí**, **an tIdirphlé idir an tAontas agus an Cholóim maidir le drugaí**, agus **an tIdirphlé idir an tAontas agus Eacuadór maidir leis an tslándáil inmheánach**, lena ndeimhnítear gur gá comhoibriú níos dlúithe a dhéanamh, lena n-áirítear maidir le malartú faisnéise agus dea-chleachtas.

I gcomhthéacs chomhar an Aontais le Coiste Mheiriceá Laidinigh um Shlándáil Inmheánach (CLASI), tionóladh **an chéad chruinniú idir Oifigigh Shinsearacha AE agus CLASI** i mí na Bealtaine 2024. Tionóladh **cruinniú institiúideach idir an tAontas agus CLASI** i mí na Samhna 2024 chun **an cruinniú aireachta idir AE agus CLASI** a bhí ar siúl sa Bhruiséil i mí an Mhárta 2025 a ullmhú, ar lena linn a comhaontaíodh dearbhú comhpháirteach aireachta nua[29] agus treochlár chun tosaíochtaí maidir le comhar oibríochtúil a chur chun feidhme do 2025-2026. Tionóladh cruinniú idir Oifigigh Shinsearacha AE agus CLASI an 19 Samhain 2025. Mar obair leantach ar an treochlár maidir le comhar oibríochtúil le CLASI, tháinig siad siúd a bhí freagrach as na tosaíochtaí coireachta agus na pleananna gníomhaíochta oibríochtúla maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine, ar dhrugaí agus ar airm thine ón Aontas (an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla) agus ó CLASI araon le chéile i Maidrid, an Spáinn, i mí Dheireadh Fómhair 2025, i bhformáid ceardlainne. D'eagraigh agus d'óstáil clár EL PACCTO 2.0 í agus é mar chuspóir aige sineirgí a fhiosrú agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a d'fhéadfadh a bheith ann a chomhordú. Ghlac CLASI na trí thosaíocht coireachta sin in 2025 den chéad uair ó bunaíodh é. D'fhormhuinigh COSI pleananna gníomhaíochta oibriúcháin an Ardáin Eorpach Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla don tréimhse 2026-2027 an 18 Samhain 2025.

---

[28] 6914/24
[29] 6403/25

Ag an am céanna, d’óstáil an Uachtaránacht an chéad cheann de **Chruinnithe na nOifigeach Sinsearach idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach maidir le Comhar Breithiúnach** ar leibhéal CATS, i mí na Bealtaine 2024. Is é an aidhm atá ann bogadh i dtreo idirphlé struchtúrtha agus tréimhsiúil dé-réigiúnach maidir le beartas Ceartais Choiriúil.

An 5 Márta 2025, shínigh an tAontas **comhaontú idirnáisiúnta leis an mBrasaíl** lena gceadófaí sonraí pearsanta agus neamhphearsanta a mhalartú idir Europol agus Póilíní Cónaidhme na Brasaíle chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Tugadh an comhaontú i gcrích an 29 Meán Fómhair 2025. Síníodh **comhaontú comhchosúil le hEacuadór** an 24 Meán Fómhair 2025. Tá comhaontuithe comhchosúla á gcaibidil ag an Aontas faoi láthair leis an mBolaiv, le Peiriú agus le Meicsiceo.

Ina theannta sin, shínigh 14 chomhalta de CLASI **Conradh AMERIPOL** an 9 Samhain 2023, agus tháinig Peiriú isteach ann le fíordhéanaí. Ba é Eacuadór an chéad tír a dhaingnigh Conradh AMERIPOL, a thiocfaidh i bhfeidhm nuair a bheidh sé daingnithe ag cúig shínitheoir ar a laghad. Leis sin, chuirfí ar chumas AMERIPOL dul i mbun socrú oibre le Europol, ós rud é go bhfuil Gníomhaireacht Mheiriceá Laidinigh sainaitheanta cheana féin mar chomhpháirtí tosaíochta. Ina theannta sin, tá comhaontuithe idirnáisiúnta á gcaibidil ag an Aontas leis an gColóim, leis an Airgintín agus leis an mBrasaíl chun malartú sonraí pearsanta le Eurojust a cheadú. Ag deireadh mhí na Bealtaine 2025, shínigh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh **socrú oibre le Comhlachas Ibéir-Mheiriceánach na nIonchúisitheoirí Poiblí** chun a gcomhar straitéiseach a fheabhsú, chomh maith le socruithe déthaobhacha le hOifigí Ionchúisitheora Phoiblí na hAirgintíne, na Brasaíle, Chósta Ríce, Phanama, Pharagua agus Pheiriú, le tacaíocht ó EL PACCTO 2.0, clár comhair an Aontais arb é is aidhm dó an chomhpháirtíocht idir an tAontas, Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib a neartú i réimsí an cheartais agus na slándála chun an choireacht eagraithe thrasnáisiúnta a chomhrac.

**Gníomhaíocht 16: Comhghuaillíochtaí a chur ar bun chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí drugaí sintéiseacha**

Agus táirgeadh, **infhaighteacht agus urghabhálacha ópóideach sintéiseach ag dul i méid** san Eoraip, d’fhéach an gníomh seo le feasacht a mhúscailt agus cur leis an ullmhacht chun cur i gcoinne bhagairt na ndrugaí sintéiseacha.

Eagraíodh **díospóireachtaí téamacha** sa Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí maidir le h**ópóidigh shintéiseacha, chomh maith le cáitíonóin shintéiseacha** chun faisnéis a mhalartú maidir leis na treochtaí is déanaí agus chun dea-chleachtais a chomhroinnt. Ag tógáil ar thorthaí na ndíospóireachtaí téamacha, moladh gníomhaíochtaí sonracha maidir leis an mbealach chun cinn, lena n-áirítear an gá atá le faireachán a dhéanamh ar an margadh drugaí trí fheabhas a chur ar an malartú faisnéise maidir le hópóidigh shintéiseacha agus saotharlanna díchóimeáilte a bhrath, chun freagairt leordhóthanach sláinte a áirithiú ar leathadh féideartha na n-ópóideach sintéiseach, aghaidh a thabhairt ar bhearnaí rialála, infheistíocht a dhéanamh i gcumais forfheidhmithe agus comhar trasteorann san Aontas a neartú. D'fhéach sí freisin le dul i ngleic leis na tosca bunúsacha sóisialta agus eacnamaíocha a chuireann le húsáid substaintí trí sholáthar seirbhísí meabhairshláinte inrochtana a chur chun cinn, spásanna sábháilte áineasa a chruthú agus rochtain ar sheirbhísí laghdaithe díobhála a leathnú. Ina theannta sin, pléadh na naisc idir táirgeadh drugaí sintéiseacha agus an choireacht chomhshaoil ag **COSI** an 18 Meán Fómhair 2024.

Tá **Plean Gníomhaíochta Oibriúcháin EMPACT maidir le Drugaí Sintéiseacha agus Substaintí Sícighníomhacha Nua le haghaidh 2024-2025** ag díriú freisin ar an mbagairt a bhaineann le hópóidigh shintéiseacha. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil tiománaí an Phlean Gníomhaíochta Oibriúcháin seo i gceannas ar ghníomhaíocht oibríochtúil amháin a cruthaíodh go sonrach chun comhoibriú le húdaráis na Stát Aontaithe agus le tíortha eile faoi scáth na Comhghuaillíochta Domhanda.

Tugadh aghaidh freisin ar shaincheist na ndrugaí sintéiseacha i gcomhar **leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta**, ó is dúshláin dhomhanda iad na dúshláin a bhaineann le drugaí. Go háirithe, luadh dul i ngleic le bagairtí drugaí sintéiseacha go déthaobhach leis na Stáit Aontaithe, is é sin i roinnt **Cruinnithe Aireachta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe** maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile, i roinnt cruinnithe de chuid an **Idirphlé idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe** maidir le Drugaí chomh maith le roinnt **Cruinnithe d'Oifigigh Shinsearacha idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe**. Rannchuidigh an tAontas agus a Bhallstáit freisin leis an gComhghuaillíocht Dhomhanda chun aghaidh a thabhairt ar Bhagairtí Drugaí Sintéiseacha. Saincheisteanna a bhaineann le drugaí sintéiseacha agus réamhtheachtaithe sintéiseacha mar a tugadh aghaidh orthu freisin ag na malartuithe teicniúla leis an tSín i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2024, mar obair leantach ar an tríú h**Idirphlé maidir le Drugaí idir an tAontas agus an tSín** a tionóladh i mí Aibreáin 2024, agus ag an gceathrú Idirphlé maidir le Drugaí idir an tAontas agus an tSín agus ag an g**Comhghrúpa Leantach maidir le Réamhtheachtaithe** a tionóladh i ndiaidh a chéile i mBéising i mí Mheán Fómhair 2025. Ag an **Idirphlé maidir le Drugaí idir an tAontas agus na Balcáin Thiar**, a tionóladh sa Bhruiséil i mí na Samhna 2024, chuathas i ngleic sa phlé le staid na ndrugaí sintéiseacha san Aontas agus i réigiún na mBalcán Thiar araon. Pléadh saincheist na ndrugaí sintéiseacha freisin le **Tíortha na hÁise Láir** i mí Aibreáin 2025.



PUBLIC

Thairis sin, ag tógáil ar Chomhaontú Eorpach 2011 i gcoinne Drugaí Sintéiseacha[30], i mí an Mheithimh 2025 d'fhormhuinigh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile **na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhshocrú lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí drugaí sintéiseacha nua agus substaintí sícighníomhacha nua san Aontas Eorpach**[31], chun aghaidh a thabhairt ar dhinimic athraitheach thírdhreach na ndrugaí sintéiseacha, go háirithe maidir le táirgeadh méadaitheach cáitíonón agus gáinneáil. Leagtar béim sna conclúidí go háirithe ar an ngá atá le cláir oiliúna speisialaithe a fhorbairt a thuilleadh i gcomhair oifigigh forfheidhmithe dlí maidir le saotharlanna drugaí sintéiseacha a bhrath, a dhíchóimeáil agus a láimhseáil go sábháilte, comhar a neartú idir na Ballstáit agus na comhpháirtithe idirnáisiúnta agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun fáltais ó choireacht a rianú, a reo agus a choigistiú.
Ina theannta sin, thíolaic an Pholainn, thar ceann an Aontais, **rún maidir le sábháilteacht oifigeach i ndíchóimeáil saotharlann ópóideach sintéiseach**, a glacadh le linn an 68ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha i mí an Mhárta 2025.

**Gníomhaíocht 17: Forfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach le tríú tíortha tosaíochta a neartú**

Téann an tionchar atá ag formhór na líonraí coiriúla is bagraí níos faide i gcéin ná an tAontas Eorpach. Chun a áirithiú go ndéanfar coirpigh ghafa a eiseachadadh, a ionchúiseamh agus a chiontú agus go ndéanfar sócmhainní coiriúla lasmuigh den Aontas a aisghabháil, tá géarghá le comhar breithiúnach éifeachtach le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad.

Pléadh an t-ábhar maidir leis an gcomhar breithiúnach le tríú tíortha tosaíochta a neartú le linn **an chruinnithe neamhfhoirmiúil aireachta CGB** i mí Eanáir 2024 agus rinneadh tuilleadh mionsaothraithe air ina dhiaidh sin in **CATS** agus i Meithleacha inniúla i rith mhí Aibreáin agus mhí na Bealtaine 2024. Ina theannta sin, le linn **na Comhdhála maidir leis an Dlí Coiriúil** i mí Aibreáin 2024, phléigh cleachtóirí bearta éagsúla chun naisc bhreithiúnacha le tríú tíortha a neartú.

[30] 15544/11
[31] 8892/25

D'fhormheas an Chomhairle **na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhar breithiúnach le tríú tíortha a neartú chun an choireacht eagraithe a chomhrac**[32] ag an gcruinniú a bhí aici i mí an Mheithimh 2024. I **Straitéis Eurojust maidir le Comhar le Comhpháirtithe Idirnáisiúnta le haghaidh 2024-2027** a foilsíodh le déanaí, cuirtear i láthair réamhobair thábhachtach ina leith sin. Le linn an phlé a rinneadh ag an Meitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla sa chéad seimeastar de 2025, pléadh treoirthionscadail agus na chéad chéimeanna eile don tsraith beart a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle, lena n-áirítear dea-chleachtais a mhalartú, giúistísí idirchaidrimh a thabhairt ar iasacht, agus aontachas le coinbhinsiúin Chomhairle na hEorpa a chur chun cinn. Aithníodh gníomhaíochtaí sonracha a rinne Eurojust i réigiúin éagsúla, mar shampla na Balcáin Thiar, an Mheánmhuir agus Meiriceá Laidineach. Leagadh béim freisin ar thionscnaimh atá ar siúl faoi láthair agus iad siúd atá beartaithe, lena n-áirítear idirphlé ardleibhéil.

I mí Mheán Fómhair 2025, thionóil **Grúpa Saineolaithe an Líonra Bhreithiúnaigh Eorpaigh** um chomhar le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad **a chéad chruinniú tosaigh** inar díríodh ar na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhar le tríú tíortha agus lena sainítear modheolaíocht oibre an ghrúpa. Lean **COPEN (Ábhair Ghinearálta)** den phlé maidir le cur chun feidhme na gconclúidí ón gComhairle i mí Mheán Fómhair 2025, lena n-áirítear iarraidh ar an gCoimisiún pacáiste faisnéise a dhéanamh le haghaidh tír tosaíochta, mar aon leis an bplé maidir leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontuithe idir an tAontas agus roinnt tríú tíortha maidir le comhar le Eurojust, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar chomhaontuithe sealadacha ar an leibhéal teicniúil agus maidir le staid na himeartha i ndáil le caibidlíocht eile. I mí na Samhna 2025, bhí plé ag CATS maidir le conas an comhar breithiúnach le tríú tíortha a neartú, go háirithe Meiriceá Laidineach.

I mí na Samhna 2025, bhunaigh LBE grúpa saineolaithe phointí teagmhála LBE **a bhíonn ag déileáil le comhar breithiúnach le tíortha nach bhfuil san Aontas**, atá dírithe ar dhea-chleachtais agus ar dhúshláin a shainaithint a shainaithníonn na pointí teagmhála sin ina gcomhar le tíortha nach bhfuil san Aontas. Le linn an **dara Seisiún Iomlánach den Líonra Breithiúnach Eorpach um an gCoireacht Eagraithe**, tugadh cur i láthair maidir leis an toradh a bhí ar **Chruinniú Réigiúnach an Líonra Bhreithiúnach Eorpaigh um an gCoireacht Eagraithe agus EL PACCTO** agus ina dhiaidh sin rinneadh plé ar thaithí agus ar chleachtais maidir le comhar breithiúnach le tríú tíortha.

[32] 11333/24



PUBLIC

Tugadh aghaidh ar an tsaincheist sin freisin san idirphlé le comhpháirtithe idirnáisiúnta lena n-áirítear le linn **Chruinniú na nOifigeach Sinsearach idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe** maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus i mí Dheireadh Fómhair 2025 le linn an **Fhóraim Aireachta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile**, inar phléigh an tAontas agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar conas an comhar breithiúnach a neartú chun an t-éilliú agus an choireacht eagraithe thrasteorann a chomhrac, agus malartú faisnéise agus fianaise ábhartha á n-éascú ag an am céanna.

PUBLIC

**<u>Conclúid</u>**

Iarrtar ar an gComhairle an dul chun cinn a leagtar amach sa tuarascáil seo a thabhairt dá haire agus a aithint go bhfuil tiomantas leanúnach an Aontais agus a Bhallstát ríthábhachtach chun tuilleadh dul chun cinn nithiúil a bhaint amach maidir le líonraí eagraithe gáinneála ar dhrugaí a dhíchóimeáil agus chun díobháil bhreise a bhaineann le drugaí do shaoránaigh an Aontais agus don tsochaí ina hiomláine a chosc. I bhfianaise na meastóireachta ar Straitéis agus Plean Gníomhaíochta reatha an Aontais maidir le Drugaí (2021-2025), d'ullmhaigh an fhoireann trí Uachtaránacht – Uachtaránacht na Polainne, Uachtaránacht na Danmhairge agus Uachtaránacht inteachta na Cipire, i gcomhar leis an gCoimisiún, plean oibre maidir leis an bpróiseas comhchruthaithe ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún i ndáil le creat straitéiseach nua an Aontais maidir le drugaí, le plé téamach tiomnaithe ag an Meitheal Chothrománach um Dhrugaí maidir le struchtúr foriomlán na straitéise maidir le drugaí a bheidh ann amach anseo agus maidir lena cholúin. Ar bhonn an phlé sin agus an ionchuir i scríbhinn ó na toscaireachtaí, meastar go bhfoilseoidh an Coimisiún a Theachtaireachtaí maidir le straitéis nua drugaí an Aontais agus Plean Gníomhaíochta an Aontais i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí an 3 Nollaig 2025, a chuirfear faoi bhráid na Comhairle chun scrúdú agus sainmhíniú a dhéanamh ar an mbealach chun cinn.